



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 5

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 5 Márta 2015

Ceisteanna Samplacha

le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chláir. Is féidir éisteacht leis na píosaí seo á léamh i gClár 5 den tsraith.

Dán: Géibheann

“Baineann an file úsáid éifeachtach as teicníochtaí filíochta sa dán seo, Géibheann.” Déan an ráiteas seo a phlé.

Aontaím leis an ráiteas seo. Baineann an file úsáid éifeachtach as pearsantú sa dán seo. Cuireann sí ainmhí allta ag caint go díreach linn. Tá úsáid na codarsnacha an-éifeachtach ar fad i mo thuairimse. Feicimid an chodarsnacht idir an dá shaol: an t-ainmhí sa bhforaois trópaiceach. Bhí saoirse iomlán aige. Bhí ar a chumas dul ag fiach. Feicimid an t-ainmhí anois agus é istigh sa zú. Níl mórán spáis aige mar tá sé teanntaithe istigh i gclós agus níl ach crann “aonraic” amháin le feiceáil aige. Baineann an file úsáid éifeachtach freisin as mothúcháin. Braithimid bród agus dínit an ainmhí allta in oscailt an dáin: Ainmhí mé/ ainmhí allta as na teochreasa/ a bhfuil clú agus cáil/ ar mo scéimh... Mothaímid ansin uaigneas agus frustrachas an ainmhí allta seo mar tá an tsaoirse a bhí aige tráth, bainte uaidh. Measaim go bhfuil úsáid na huama thar a bheith éifeachtach mar cuireann an uaim go mór le rithim na línte is le ceol na bhfocal. Tá neart samplaí den uaim: ainmhí allta; clú agus cáil; chroithfinn crainnte na coille. Is dán gonta é seo ach tá mórán ráite i mbeagán focal ag an bhfile. Taitníonn an dán go mór liom.

Prós: An Lasair Choille

“Pléann údair an dráma, An Lasair Choille, téama na saoirse agus is féidir a rá gur dráma fáthchiallach é seo.” An ráiteas seo a phlé i gcomhthéacs ról an éin sa dráma.

Aontaím leis an ráiteas thuas. Is dráma fáthchiallach é mar tá siombalachas ag baint le plota an dráma. Ní gan chúis a roghnaíodh “An Lasair Choille” mar theideal ar an dráma seo. Osclaíonn an dráma agus Séamas ag caint leis an éan coille. Ní thuigeann Séamas cén fáth nach bhfuil an t-éan ag déanamh ceoil. Ní thuigeann sé gur príosúnach é an t-éinín istigh ina chás. “Tá tú teolaí agus neart le n-ithe agat. Seo, cas port” – seo mar a labhraíonn Séamas leis an lasair choille. Tá an-

íoróin ag baint le hainm an éin. Binncheol atá air ach bíonn sé ina thost suas go dtí críoch an dráma.

Is siombail é an t-éan den easpa saoirse agus an tionchar a bhíonn ag an easpa saoirse orainn go léir. Is príosúnach é Séamas mar tá sé faoi smacht ag Micil atá ag coinneáil na leapa. Is príosúnach é Micil mar is cláiríneach é. Níl ar a chumas éirí as an leaba agus déanamh dó féin. Is príosúnach í Míoda, an cailín tincéara. Tá sise faoi smacht ag a hathair.

Ní thuigeann Séamas bocht go bhfuil sé ag ceilt na saoirse ar an lasair choille. Is í Míoda a osclaíonn a shúile dó nuair a deireann sí le Séamas go bhfuil sí díreach cosúil leis an “éinín lag i ngéibheann”. Baineann an chaint seo geit as Séamas: “Tá Binncheol lántsásta anseo,” a deireann sé léi. Níos faide anonn sa dráma, deir sí: “Go deimhin, is mór an náire é a choinneáil i ngéibheann mar sin. Nach mb’fhearr i bhfad dó a bheith saor amuigh faoin spéir?” Ní aontaíonn Séamas léi nuair a deir sé: “Níl sioc ná seabhac ag cur isteach air anseo”. Ar ndóigh, ní ar mhaithe leis an éinín atá Míoda ach ar mhaithe léi féin. Déanann sí gach iarracht an dallamullóg a chur ar Shéamas. Insíonn sí dó gur príosúnach í ar nós an éinín. Níl uaithi ach go bhfaighidh sí greim ar an aon phunt déag le go mbeidh sí féin agus Séamas in ann éalú go Sasana!

Féachaimis arís ar Shéamas. Ní raibh aige mar chomhluadar ach Binncheol, go dtí gur tháinig Míoda isteach sa teach. Labhraíonn sé arís is arís eile leis an lasair choille mar ní thugann Micil aon éisteacht dó. Ní theastaíonn uaidh scaoileadh leis an éan. Ní theastaíonn uaidh a chuid saoirse a thabhairt don éan ach ní dóigh liom gur thuig sé é sin ina chroí istigh mar cuirtear Séamas inár láthair mar dhuine simplí saonta. Shíl Séamas go raibh an t-éan breá sásta.

Caithimis súil anois ar Mhicil. Tá seisean ag brath go huile is go hiomlán ar Shéamas. Cuireann sé lagmhisneach ar Shéamas arís is arís eile ionas nach mbeidh de mhuintín aige an teach a fhágáil agus a shaoirse phearsanta a bhaint amach. Éiríonn leis Séamas a choinneáil faoi smacht iomlán go dtí go dtagann Míoda ar cuairt. Tagann athrú mór ar dhearcadh Shéamais de thoradh na cuairte seo. “Rinne sí amadán críochnaithe dhíot”, a dúirt Micil le Séamas. “Rinne. Ach, ar bhealach, ní dhearna. D’oscail sí mo shúile dom”, a dúirt Séamas mar fhreagra ar Mhicil.

Leis sin, thug sé an cás amach taobh amuigh agus scaoil sé Binncheol saor. Sea, thug sé a chuid saoirse dó. D’eitil Binncheol “suas i mbarr an chrainn mhóir agus thosaigh sé ag ceol”. Bhain sé seo geit mhór as Micil. Cuireann Micil an cheist mhór ar Shéamas ag deireadh an dráma. “Bhfuil tú ag imeacht, a Shéamais, nó ar athraigh tú t’intinn?” Seo an chéad uair a labhraíonn sé go homósach le Séamas. “Ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh fós,” a deir Séamas, “ach ní bheidh Binncheol ná éan ar bith sa gcás sin arís go brách.” Sea, bhí saoirse intinne bainte amach ag Séamas agus thuig Micil é sin. Tá siombalachas láidir ag baint le críoch an dráma – an lasair choille a bhí ina thost gan nóta ceoil ar feadh an dráma, anois i mbarr an chrainn agus é ag seinm ceoil.

Is féidir a rá mar sin gur dráma fáthchiallach é mar pléann údair an dráma iompar an duine i leith na saoirse. Ní thuigeann muid go minic céard is fíorshaoirse ann agus is minic muid inár bpríosúnaigh ag a chéile le linn ár mbeatha saoil. Is minic muid ag ceilt na saoirse ar a chéile i ngan fhios dúinn féin. Tá ceacht tábhachtach le foghlaim againn go léir ón dráma seo, dá bhri sin. Suimiúil go leor, tá dán faoin téama seo ar an gcúrsa chomh maith agus ba í Caitlín Maude, duine d’údair an dráma seo, a chum an dán seo. An dán, Géibheann, atá i gceist agam. Pléann Caitlín ceist uilíoch na saoirse sa dán seo. Sea, is ceist í seo atá á plé ó thús na sibhialtacha.

**“Is mó ár mbá le Séamas ná le Micil de thoradh imeachtaí an dráma, ‘An Lasair Choille’”.
Pléigh fírinne an ráitis seo.**

Aontaím gur mó ár mbá le Séamas ná le Micil. Cuirtear Micil inár láthair mar dhuine cantalach mífhoighdeach maslach. Is cláiríneach é nach bhfuil lúth na ngéag aige. Maslaíonn sé Séamas arís is arís eile. Cuireann sé lagmisneach air ionas nach mbeidh de mhúinín aige an teach a fhágáil agus dul go Sasana. “Níl éirim sciortáin ionat,” a dúirt sé leis ag pointe amháin agus nuair a theip ar Shéamas an clúdach ceart a aimsiú don scilléad, thapaigh Micil a dheis arís: “Agus tusa an fear a bhí ag gabháil go Sasana!” a dúirt sé le Séamas.

Is mó ár mbá le Séamas mar léirítear Séamas mar sclábhaí nó mar shearbhónta. Is duine simplí saonta é Séamas nach bhfuil ach an lasair choille mar chomhluadar aige i ndáiríre. Cuireann iompar Mhicil déistin orainn. Ní chaitheann sé go maith le Séamas ach ag meabhrú dó go mb’fhéidir go mbuailfeadh na fits é i Sasana. Feiceann muid Séamas faoi strus is faoi bhrú nuair a thiteann Micil as an leaba faoi dhó! Feiceann muid Micil ag tabhairt orduithe do Shéamas: “Tabhair aníos an t-airgead anseo chugam”. “Imigh leat anois. Tá mé ceart”.

Is beag ár mbá le Micil de thoradh a chuid iompair ach ná déanaimis dearmad gur cláiríneach é. Tá sé ag brath go huile is go hiomlán ar Shéamas agus tá eagla an domhain air go smaoinodh Séamas ar an teach a fhágáil. Bheadh air dul go dtí Teach na mBocht! Cuireann údair an dráma seo muid ag machnamh ar thionchar na heagla ar iompar an duine. Ní drochdhuine é Micil i ndáiríre. Is príosúnach é mar níl aon neamhspleáchas aige de bharr go bhfuil sé ag coinneáil na leapa. Déanann sé príosúnach de Shéamas ar mhaithe leis féin ach nach bhfuil sé deacair milleán a chur air? Seo mar ar labhair Micil le Séamas nuair a dúirt sé go raibh sé ag brath dul go Sasana: “Nach bhfuil tú ceart go leor anseo? Mar a chéile muid. Beirt chláiríneach. Easpa géag ormsa agus easpa meabhrach ortsa”. Nochtar sceon Mhicil arís nuair a gheall sé an teach is an talamh dó. Is cruthúnas iomlán é seo go raibh eagla an domhain ar Mhicil go n-imeodh Séamas agus nach mbeadh de rogha aige ach dul go dtí Teach na mBocht. Léirítear Micil mar sprionlóir mar d’iarr sé ar Shéamas an t-airgead a bhí sa scilléad a chomhaireamh agus ba leis-sean an t-airgead, dar leis féin, cé gurbh é Séamas a shaothraigh é. Ba é Séamas a bhain an mhóin agus a dhíol í, de réir cosúlachta. Fós féin, níor choir dúinn a bheith ródhian ar Mhicil. Ba sheanfhear é agus ba chláiríneach é agus bhí inní air faoin airgead tirim. Is beag a bhí ag na daoine fadó agus bhí Micil ag iarraidh freagracht an airgid a bheith aige. Eagla agus inní ba chúis lena chuid iompair. Ní raibh aon neart aige air. D’airigh sé nach raibh mórán smachta aige ar aon rud de dheasca na máchaile a bhí air.

Cén bhrí ach nuair a tháinig Míoda ar cuairt agus nuair a rinne sí iarracht an dallamullóg ceart a chur ar Shéamas – is beag nár chaill sé an mheabhair. Bhí sé scanraithe go n-imeodh Séamas go Sasana agus bhí a fhios aige nach raibh ó Mhíoda ach an t-airgead a bhí sa scilléad a fháil. “Ghoidfeadh a leithéid sin an tsúil as do cheann,” a dúirt sé faoi Mhíoda. Nochtar sceon Mhicil dúinn nuair a dúirt sé le Séamas: “Caillfear i dTeach na mBocht mé.” Is ag an bpointe sin a dúirt sé le Séamas go bhfágadh sé an teach is an talamh aige.

Is féidir a rá mar sin go gcuireann muid aithne níos fearr ar Mhicil de réir a chéile. Choinnigh sé Séamas faoi smacht ach bhí údar maith aige leis. Ní raibh sé in ann déanamh dó féin. É sin ráite, is mó ár mbá le Séamas ná le Micil. B’fhear óg é Séamas. Ní raibh Séamas ach cúig bliana fichead. Ba sheanfhear é Micil. Séamas is mó a bhí thíos leis an scéal, dar liom. Is ag Séamas atá an focal deireanach sa dráma agus tá an dóchas le brath ar an ráiteas seo uaidh: “Is ait an mac an saol. Ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh fós. Tiofadh athrú ar an saol – orainne agus ar chuile shórt. Ach ní bheadh Binncheol ná éan ar bith sa gcás sin arís go brách.” Agus ní bheadh Séamas faoi bhois an chait arís go deo ach oiread.